2024/2518

24.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2518 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Meán Fómhair 2024

lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuine Bissau

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 ón gComhairle an 3 Bealtaine 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuine Bissau [1], agus go háirithe Airteagal 11(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 3 Bealtaine 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 377/2012.

(2) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 377/2012, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar na bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuine Bissau, agus measann sí gur cheart triúr a bhaint de liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

Z. FELDMAN

[1] IO L 119, 4.5.2012, lch. 1.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 (Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 2(1) agus 2(2)), scriostar na hiontrálacha a bhaineann leis na daoine a liostaítear thíos:

‘13. Tchipa NA BIDON

16. Idrissa DJALÓ

21. Leifteanant Julio NA MAN’.